Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 13 Iúil 2020
(OR. en)

9207/20

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2020/0045 (NLE)**

**ACP 60**
**WTO 111**
**COAFR 179**
**RELEX 487**

## GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh faoi chuimsiú Choiste CCE arna bhunú leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche eatramhach idir Gána, de pháirt amháin, agus an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, den pháirt eile, maidir le Rialacha Nós Imeachta Choiste CCE a ghlacadh |

**CINNEADH (AE) 2020/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh faoi chuimsiú Choiste CCE arna bhunú leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche eatramhach idir Gána, de pháirt amháin, agus an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, den pháirt eile, maidir le Rialacha Nós Imeachta Choiste CCE a ghlacadh**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe an chéad fhomhír d'Airteagal 207(4) agus Airteagal 209 de, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Shínigh an tAontas agus a Bhallstáit an Comhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche eatramhach idir Gána, de pháirt amháin[1], ("an Comhaontú") agus an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, den pháirt eile, an 28 Iúil 2016. Tá sé á chur i bhfeidhm go sealadach idir an tAontas, de pháirt amháin, agus Gána, den pháirt eile, ón 15 Nollaig 2016[2].

(2) De bhun Airteagal 73(3) den Chomhaontú, tá an Coiste Comhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche (CCE) freagrach as na réimsí ar fad a chumhdaítear leis an gComhaontú a riar agus as na cúraimí ar fad a luaitear sa Chomhaontú a dhéanamh. De bhun Airteagal 73(2), is é Coiste CCE a chinneann na rialacha maidir lena eagrú agus feidhmiú féin.

(3) Tá cinneadh maidir lena Rialacha Nós Imeachta le glacadh ag Coiste CCE sa bhliain 2020.

(4) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gCoiste CCE a leagan síos, ós rud é go mbunófar rialacha atá ceangailteach ó thaobh an dlí de leis an gcinneadh atá beartaithe ag Coiste CCE.

---

1 An Comhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche eatramhach idir Gána, de pháirt amháin, agus an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, den pháirt eile (IO L 287, 21.10.2016, lch. 3).

2 Cinneadh (AE) 2016/1850 ón gComhairle an 21 Samhain 2008 maidir le síniú agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Eacnamaíche eatramhaigh idir Gána, de pháirt amháin, agus an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit den pháirt eile (IO L 287, 21.10.2016, lch. 1).

(5) Is é an rud atá in CCEnna, cuid den chaidreamh foriomlán idir an tAontas agus a Bhallstáit, de pháirt amháin, agus tíortha ACC den pháirt eile, mar a leagtar amach sa Chomhaontú Comhpháirtíochta idir comhaltaí Ghrúpa Stát na hAfraice, Mhuir Chairib agus an Aigéin Chiúin de pháirt amháin, agus an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, den pháirt eile[1], mar a leasaíodh go deireanach (Comhaontú Comhpháirtíochta Cotonou) agus, ach a mbeidh sé infheidhme, an comhaontú a thiocfaidh ina dhiaidh. Faoi Airteagal 34(1) de Chomhaontú Comhpháirtíochta Cotonou, is é is aidhm do chomhar eacnamaíoch agus trádála idir na páirtithe comhtháthú réidh céimneach tíortha ACC sa gheilleagar domhanda a chothú, agus aird chuí á tabhairt ar a roghanna polaitiúla agus ar a dtosaíochtaí forbartha, agus ar an gcaoi sin a bhforbairt inbhuanaithe a chur chun cinn agus rannchuidiú le díothú na bochtaineachta i dtíortha ACC. Sa chomhthéacs sin, is féidir a mheas gur ionstraimí forbartha mar a thagraítear dóibh in Airteagal 36(2) de Chomhaontú Comhpháirtíochta Cotonou iad CCEnna. Dá bhrí sin, cuirtear leibhéil éagsúla forbartha na bPáirtithe san áireamh sa Chomhaontú, chomh maith leis na srianta sonracha eacnamaíocha agus sóisialta atá ar Ghána agus a mhéid atá Gána ábalta a geilleagar a oiriúnú agus a choigeartú le haghaidh phróiseas an léirscaoilte. Ina theannta sin, bunaíodh Cinneadh (AE) 2016/1850 maidir le síniú agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe, ar comhaontú measctha é agus ina bhfuil teideal maidir le comhpháirtíocht forbraíochta, bunaíodh é ar bhunús dlí na trádála agus ar bhunús dlí an chomhair um fhorbairt araon. Ba cheart sin a léiriú freisin sa Chinneadh seo,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

[1] IO L 317, 15.12.2000, lch. 3.

*Airteagal 1*

Beidh an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais bunaithe ar an gcinneadh ó Choiste CCE maidir le Rialacha Nós Imeachta Choiste CCE a ghlacadh, rud atá ag gabháil leis an gCinneadh seo[1].

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---

[1] Féach doiciméad ST 9240/20 ar http://register.consilium.europa.eu.